2026/1093

13.5.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1093 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 12 Bealtaine 2026

maidir le Ceann Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/1/2026) a cheapadh

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/219/CBES ón gComhairle an 15 Aibreán 2014 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2014/219/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus stiúradh straitéiseach Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 27 Eanáir 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/166 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Sahel Mali ón 1 Feabhra 2025 go dtí an 31 Eanáir 2027.

(3) An 2 Nollaig 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2466 ([3]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Peter KOLDING mar Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 1 Feabhra 2026 go dtí an 10 Aibreán 2026.

(4) An 23 Aibreán 2026, mhol an tArdionadaí Eugène VAN KEMENADE a cheapadh ina Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 13 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Eugène VAN KEMENADE a cheapadh ina Cheann Misin ar EUCAP Sahel Mali ón 13 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar Eugène VAN KEMENADE ina Cheann Misin Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) ón 13 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Eanáir 2027.

([1]) IO L 113, 16.4.2014, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/219/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/166 ón gComhairle an 27 Eanáir 2025 lena leasaítear Cinneadh 2014/219/CBES maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (IO L, 2025/166, 28.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/166/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2025/2466 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 2 Nollaig 2025 lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali) (EUCAP Sahel Mali/2/2025) (IO L, 2025/2466, 5.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2466/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD